**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 19 Deireadh Fómhair 2022 – Sistem ecologica v an Coimisiún**

**(Cás T-81/21)** [1]

***(Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 – Imscrúdú ar chalaois i leith dleachtanna gnásúla, cúitimh agus frithdhumpála a fhorchuirtear ar allmhairí bithdhíosail isteach san Aontas Eorpach – Teachtaireacht ó OLAF chuig na húdaráis chustaim náisiúnta – Tuarascáil imscrúdaithe OLAF – Caingean le haghaidh neamhniú – Gníomh nach bhfuil faoi réir achomhairc – Caingean le haghaidh damáistí – Sárú sách tromchúiseach ar riail dhlithiúil lena dtugtar cearta do dhaoine aonair)***

(2022/C 472/38)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* "Sistem ecologica" production, trade and services d.o.o. Srbac (Srbac, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin) (ionadaithe: D. Diris, D. Rjabynina, C. Kocks agus C. Verheyen, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach (ionadaithe: J. Baquero Cruz agus T. Materne, i gcáil Gníomhairí)

**Ábhar**

Lena chaingean atá bunaithe ar Airteagail 263 CFAE agus 268 CFAE, iarrann an t-iarratasóir, ar an gcéad dul síos, go gcuirfear an tuarascáil chríochnaitheach maidir le himscrúdú a ghlac an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) an 8 Nollaig 2020 agus cinntí OLAF a bhí i dteachtaireacht a seoladh an 9 Meitheamh 2020 chuig na Ballstáit, i litreacha an 25 agus an 27 Samhain 2020 agus i litreacha an 8 agus an 21 Nollaig 2020 ar neamhní agus, ar an dara dul síos, go gcúiteofar an damáiste a mhaíonn sé a bheith fulaingthe aige.

**An chuid oibríochtúil**

1) Diúltaítear don achomharc.

2) Ordaítear do "Sistem ecologica" production, trade and services d.o.o. Srbac na costais a íoc.

(1) IO C 163, 3.5.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 5 Deireadh Fómhair 2022 – Múka v an Coimisiún**

**(Cás T-214/21)** [1]

***(Rochtain ar dhoiciméid – Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 – Doiciméid a bhaineann le nósanna imeachta i dtaobh rialú Státchabhrach – Diúltú rochtain a thabhairt – Airteagal 4(2), tríú fleasc, de Rialachán Uimh. 1049/2001 – Eisceacht i ndáil le cosaint chuspóirí na gcigireachtaí, na n-imscrúduithe agus na n-iniúchtaí – Toimhde ghinearálta neamhnochta – Leas poiblí sáraitheach)***

(2022/C 472/39)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Ondřej Múka (Prág, Poblacht na Seice) (ionadaí: P. Kočí, Dlíodóir)

*Cosantóir:* an Coimisiún Eorpach (ionadaithe: C. Ehrbar agus K. Herrmann, i gcáil Gníomhairí)

**Ábhar**

Leis an gcaingean ar bhonn Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta, sa chéad áit, an dá ní a leanas a chur ar ceal: (i) an litir ón gCoimisiún Eorpach an 27 Deireadh Fómhair 2020 lena ndiúltaítear dá iarratas tosaigh an 17 Meán Fómhair 2020 le haghaidh rochtain ar dhoiciméid ar roinn sé iad le Poblacht na Seice agus (ii) Cinneadh C(2021) 1320 final an 21 Feabhra 2021 lena ndiúltaítear dá iarratas dearbhúcháin an 12 Samhain 2020 haghaidh rochtain ar na doiciméid sin. Sa dara háit, iarrann sé go n-ordófaí don Choimisiún na doiciméid agus an t-eolas go léir dá ndéantar tagairt in iarratas an 17 Meán Fómhair 2020 a sholáthar dó.

**An chuid oibríochtúil**

1. Diúltaítear don chaingean;

2. Ordaítear do Ondřej Múka a chostais féin a íoc chomh maith leis na costais arna dtabhú ag an gCoimisiún Eorpach.

---

([1]) IO 2021 C 242.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 5 Deireadh Fómhair 2022 – Basaglia v an Coimisiún**

**(Cás T-257/21)** ([1])

***(Dliteanas neamhchonarthach – Rochtain ar dhoiciméid – Doiciméid a bhaineann le tionscadail um thaighde agus um fhorbairt theicneolaíoch – Cinneadh lena gcuirtear teorainn ar an iarratas ar rochtain agus lena ndiúltaítear do rochtain i bpáirt – An cinneadh sin a bheith curtha ar neamhní go páirteach ag an gCúirt Ghinearálta – Ciontuithe ag cúirteanna náisiúnta – Neamhdhleathacht an iompair a ndéantar gearán ina leith – Nasc cúisíoch)***

(2022/C 472/40)

*Teanga an cháis: an Iodáilis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Giorgio Basaglia (Milano, an Iodáil) (ionadaithe: G. Balossi, G. Borriello agus F. Fimmanò, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* an Coimisiún Eorpach (ionadaithe: C. Ehrbar, F. Moro agus A. Spina, i gcáil Gníomhairí)

**Ábhar**

Leis an gcaingean de bhonn Airteagal 268 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go dtabharfaí cúiteamh dó as an damáiste airgeadais agus morálta agus an damáiste don chlú a líomhnaítear a d'fhulaing sé de bharr gur dhiúltaigh an Coimisiún go neamhdhleathach dá iarratais le haghaidh rochtain ar dhoiciméid agus de bharr mhainneachtain an Choimisiúin breithiúnas an 23 Meán Fómhair 2020, *Basaglia* v *an Coimisiún* (T-727/19, nár foilsíodh, EU:T:2020:446), a chomhlíonadh.

**An chuid oibríochtúil**

1. Diúltaítear don chaingean;

2. Ordaítear do Giorgio Basaglia na costais a íoc.

---

([1]) IO C 252, 28.6.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 12 Deireadh Fómhair 2022 – MCO (IP) v EUIPO – C8 (C2 CYPRUS CASINOS)**

**(Cás T-460/21)** ([1])

***(Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí freasúra – Iarratas ar mharc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh C2 CYPRUS CASINOS – Marc fíortha náisiúnta níos luaithe C8 – Foras coibhneasta le diúltú – Riosca mearbhaill – Idirspleáchas fachtóirí – Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 – Oibleagáid cúiseanna a lua)***

(2022/C 472/41)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* MCO (IP) Holdings Ltd (Tortola, Oileáin Bhriotanacha na Maighean) (ionadaí: A. Roughton, Barrister)